2025/1210

18.6.2025

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1210 ÓN gCOIMISIÚN

an 16 Meitheamh 2025

lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2447 maidir le bearta éigeandála i ndáil le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach i mBallstáit áirithe

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2025) 3942)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') ([1]), agus go háirithe Airteagal 259(1), pointe (c), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is galar víreasach tógálach in éin é an fliú éanúil ardphataigineach (HPAI) agus d'fhéadfadh tionchar tromchúiseach a bheith aige ar bhrabúsacht na feirmeoireachta éanlaithe clóis, rud a chuirfeadh isteach ar thrádáil laistigh den Aontas agus ar onnmhairí chuig tríú tíortha. Is féidir le víris HPAI éin imirceacha a ionfhabhtú, rud a fhágann gur féidir leo na víris sin a leathadh thar achair fhada le linn a n-imircí san fhómhar agus san earrach. Dá bhrí sin, is bagairt leanúnach é víris HPAI a bheith in éin fhiáine maidir le tabhairt isteach na víreas sin go díreach agus go hindíreach i ngabháltais ina gcoimeádtar éanlaith chlóis nó éin i mbraighdeanas. I gcás ráig de HPAI, tá baol ann go bhféadfadh an t-oibreán galair leathadh go gabháltais eile ina gcoimeádtar éanlaith chlóis nó éin i mbraighdeanas.

(2) Le Rialachán (AE) 2016/429 bunaítear an creat reachtach chun galair a chosc agus a rialú, ar galair iad atá in-tarchurtha go hainmhithe nó go daoine. Tagann HPAI faoin sainmhíniú ar ghalar liostaithe sa Rialachán sin, agus tá sé faoi réir na rialacha coisctheacha agus rialaithe galar a leagtar síos ann. Ina theannta sin, le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún ([2]) déantar forlíonadh ar Rialachán (AE) 2016/429 a mhéid a bhaineann leis na rialacha maidir le galair liostaithe áirithe a chosc agus a rialú, lena n-áirítear bearta rialaithe galar le haghaidh HPAI.

(3) An 24 Deireadh Fómhair 2023 ghlac an Coimisiún Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2447 ([3]) ón gCoimisiún ar bhonn Rialachán (AE) 2016/429, agus leagtar síos ann bearta éigeandála ar leibhéal an Aontais i ndáil le ráigeanna de HPAI.

(4) Go háirithe, le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2447 déantar foráil maidir leis na criosanna cosanta agus faireachais agus na criosanna srianta breise atá le bunú ag na Ballstáit lena mbaineann tar éis ráigeanna de HPAI, i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, nach mór go gcuimseoidh siad ar a laghad na limistéir a liostaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais agus criosanna srianta breise san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin. Foráiltear leis freisin nach mór na bearta atá le cur i bhfeidhm sna criosanna sin, i gcomhréir leis an Rialachán Tarmligthe sin, a choinneáil ar bun go dtí na dátaí a leagtar amach san Iarscríbhinn sin ar a laghad.

(5) Leasaíodh an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2447 le déanaí le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1172 ón gCoimisiún ([4]) tar éis ráigeanna nua de HPAI sa Laitvia agus sa Liotuáin i mbunaíochtaí inar coimeádadh éanlaithe chlóis nó éin i mbraighdeanas, rud ba ghá a léiriú san Iarscríbhinn sin.

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/429/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le galair liostaithe áirithe a chosc agus a rialú (IO L 174, 3.6.2020, lch. 64, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/687/oj).

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2447 ón gCoimisiún an 24 Deireadh Fómhair 2023 maidir le bearta éigeandála i ndáil le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach i mBallstáit áirithe (IO L, 2023/2447, 30.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2023/2447/oj).

([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1172 ón gCoimisiún an 6 Meitheamh 2025 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2447 maidir le bearta éigeandála i ndáil le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach i mBallstáit áirithe (IO L, 2025/1172, 11.6.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2025/1172/oj).

(6) Ón dáta a glacadh Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1172, tá fógra tugtha ag an bPolainn don Choimisiún faoi ráig de HPAI i mbunaíocht inar coinníodh éin i mbraighdeanas, bunaíocht atá lonnaithe i gCúige Warmińsko-Mazurskie.

(7) Tar éis na ráige sin, tá bearta rialaithe galar déanta ag an bPolainn i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, lena n-áirítear bunú criosanna cosanta agus faireachais timpeall ar an ráig sin.

(8) Tá scrúdú déanta ag an gCoimisiún ar na bearta rialaithe galar a rinne an Pholainn, agus tá sé sásta go bhfuil teorainneacha na gcriosanna cosanta agus faireachais arna mbunú ag an mBallstát sin fada go leor ón mbunaíocht ina bhfuil an ráig de HPAI deimhnithe.

(9) Chun aon chur isteach nach bhfuil gá leis ar thrádáil laistigh den Aontas a chosc agus chun nach bhforchuirfidh tríú tíortha bacainní gan údar ar thrádáil, is gá a leagan síos go mear ar leibhéal an Aontais, i gcomhar leis an bPolainn, na criosanna cosanta agus faireachais arna mbunú ag an mBallstát sin, i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687.

(10) Dá bhrí sin, ba cheart na limistéir a liostaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais le haghaidh na Polainne a thabhairt cothrom le dáta san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2447.

(11) Dá réir sin, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2447 a leasú chun an réigiúnú a thabhairt cothrom le dáta ar leibhéal an Aontais agus chun aird a thabhairt ar na criosanna cosanta agus faireachais arna mbunú ag an bPolainn, i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, agus chun fad tréimhse na mbeart is infheidhme a leagan amach inti freisin.

(12) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2447 a leasú dá réir sin.

(13) I bhfianaise phráinn na staide eipidéimeolaíche san Aontas a mhéid a bhaineann le leathadh HPAI, tá sé tábhachtach go dtiocfaidh na leasuithe atá le déanamh ar Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2447 leis an gCinneadh seo i bhfeidhm a luaithe is féidir.

(14) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2447.

Airteagal 2

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 16 Meitheamh 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
Olivér VÁRHELYI
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN

Cuid A

Criosanna cosanta sna Ballstáit lena mbaineann* dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe (a), agus Airteagal 2:

Ballstát: An Bhulgáir

Uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéar arb é atá ann:	An dáta a bheidh sé infheidhme go dtí, i gcomhréir le hAirteagal 39 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687
	Réigiún Burgas	
BG-HPAI(P)-2025-00007	The following villages in Aytos municipality: — Aytos — Malka polyana	21.6.2025

Ballstát: An tSeicia

Uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéar arb é atá ann:	An dáta a bheidh sé infheidhme go dtí, i gcomhréir le hAirteagal 39 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687
	Réigiún na Moráive Theas	
CZ-HPAI(P)-2025-00001	Borotice nad Jevišovkou (607657); Božice (608882); České Křídlovice (608904); Břežany u Znojma (614921); Čejkovice u Znojma (619019); Mackovice (689718); Oleksovice (710121).	12.6.2025

Ballstát: An Laitvia

Uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéar arb é atá ann:	An dáta a bheidh sé infheidhme go dtí, i gcomhréir le hAirteagal 39 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687
LV-HPAI(P)-2025-00001	Daļa no Ogres novada Birzgales pagasta 3 km rādiusā ap uzliesmojuma GPS WGS84 koordinātām centrā – Lat.56.6298723, Long. 24.6930177	21.6.2025

Ballstát: An Liotuáin

Uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéar arb é atá ann:	An dáta a bheidh sé infheidhme go dtí, i gcomhréir le hAirteagal 39 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687
LT-HPAI(NON-P)-2025-00004	Kaišiadorių r. sav. Žiežmarių sen. Tarpumiškio k,. Stasiūnų k., Liutonių k., Bačkonių k., Triliškių k., Turloviškių k., Strošiūnų k., Mūro Strėvininkų k., Žiežmarių m., Dirgalonių k., Žalvarnių k., Martiniškių k., Graužų k., Elektrėnų sav. Gilučių sen. Strošiūnų k.	18.6.2025

Ballstát: An Pholainn

Uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéar arb é atá ann:	An dáta a bheidh sé infheidhme go dtí, i gcomhréir le hAirteagal 39 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687
PL-HPAI(NON-P)-2025-00058	W województwie warmińsko-mazurskim: 1. powiat elbląski: a. gmina Elbląg, miejscowości: Tropy Elbląskie, Nowe Pole, Raczki Elbląskie, w granicach administracyjnych miejscowości Gronowo Górne na południe od torów kolejowych; b. gmina Gronowo Elbląskie: w granicach administracyjnych miejscowości Gajewiec, na wschód od linii poprowadzonej przez miejscowości Wikrowo i Balewo, w granicach administracyjnych miejscowości Karczowiska Górne na wschód od linii poprowadzonej przez miejscowości Władysławowo i Jasionno; c. gmina Markusy: w granicach administracyjnych miejscowości Jezioro na północ od linii poprowadzonej przez miejscowości Dłużyna i Jasionno, w granicach administracyjnych miejscowości Węgle Żukowo na północ od linii poprowadzonej przez miejscowości Nowina i Zwierzeńskie Pole, Żurawiec; d. w mieście Elbląg na południe od linii poprowadzonej przez miejscowości Nowina i Janowo	27.6.2025

Cuid B

Criosanna faireachais sna Ballstáit lena mbaineann* dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe (a), agus Airteagal 3:

Ballstát: An Bhulgáir

Uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéar arb é atá ann:	An dáta a bheidh sé infheidhme go dtí, i gcomhréir le hAirteagal 55 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687
	Réigiún Burgas	
BG-HPAI(P)-2025-00007	The following villages in Aytos municipality — Lyaskovo — Sadievo — Pirne — Polyanovo — Karageorgievo The following villages in Kameno municipality: — Krastina — Vinarsko The following villages in Burgas municipality: — Balgarovo — Mirolyubovo	30.6.2025
	The following villages in Aytos municipality: — Aytos — Malka polyana	22.6.2025 - 30.6.2025

Ballstát: An tSeicia

Uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéar arb é atá ann:	An dáta a bheidh sé infheidhme go dtí, i gcomhréir le hAirteagal 55 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687
	Réigiún na Moráive Theas	
CZ-HPAI(P)-2025-00001	Bantice (600881); Damnice (624675); Dolenice (628492); Hodonice (640395); Domčice (642851); Hostěradice na Moravě (645672); Chlupice (645681); Míšovice (645699); Hrušovany nad Jevišovkou (648809); Jiřice u Miroslavi (661058); Kadov (661961); Krhovice (674419); Křídlůvky (776734); Kyjovice (678554); Lechovice (679861); Litobratřice (685356); Miroslav (695378); Miroslavské Knínice (695394); Morašice (698466); Práče (726966); Pravice (732991); Prosiměřice (733466); Skalice u Znojma (747947); Stošíkovice na Louce (755648); Strachotice (755885); Suchohrdly u Miroslavi (759210); Šanov nad Jevišovkou (762016); Tasovice nad Dyjí (765121); Těšetice u Znojma (766691); Troskotovice (768553); Velký Karlov (634158); Vítonice u Znojma (783145); Želetice u Znojma (796026); Žerotice (796603); Hrádek u Znojma (647349) – vymezeny východně GPS 48.7843292 16.2882478, západně GPS 48.7877053 16.2491950; Našiměřice (701661) – vymezeny východně GPS 48.9575264 16.3914553, západně GPS 48.9649875 16.3524539; Valtrovice (776742) - vymezeny východně GPS 48.7999217 16.2334122, západně GPS 48.8051844 16.2155258.	22.6.2025
	Borotice nad Jevišovkou (607657); Božice (608882); České Křídlovice (608904); Březany u Znojma (614921); Čejkovice u Znojma (619019); Mackovice (689718); Oleksovice (710121).	13.6.2025 - 22.6.2025

Ballstát: An Laitvia

Uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéar arb é atá ann:	An dáta a bheidh sé infheidhme go dtí, i gcomhréir le hAirteagal 55 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687
LV-HPAI(P)-2025-00001	Daļa no Ogres novada Birzgales un Tomes pagasta, un Bauskas novada Vecumnieku un Valles pagasta 10 km rādiusā ap uzliesmojuma GPS WGS84 koordinātām centrā - Lat. 56.6298723, Long. 24.6930177	30.6.2025
	Daļa no Ogres novada Birzgales pagasta 3 km rādiusā ap uzliesmojuma GPS WGS84 koordinātām centrā – Lat.56.6298723, Long. 24.6930177	22.6.2025- 30.6.2025

Ballstát: An Liotuáin

Uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéar arb é atá ann:	An dáta a bheidh sé infheidhme go dtí, i gcomhréir le hAirteagal 55 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687
LT-HPAI(NON-P)-2025-00004	Kaišiadorių r. sav. Žaslių sen. Rasavos k., Petkaučiznos k., Pajautiškių k., Talpūnų k., Žaslių k. vakarinė dalis, Cineikių k., Guronių k., Naujažerio k., Žaslių mstl., Juodo Gojaus k., Vaidžionių k., Neveliškių k., Baruolių k., Buivūnų k., Žuvų k., Kaišiadorių apyl. sen. Šaknių k., Gudienos k., Ilgakiemio k., Gudzenkos k., Kurniškių k., Paltininkų k., Kalniškių k., Rečionių k., Keturokų k., Navasodų k., Bartaičių k., Kaišiadorių miesto sen., Kruonio sen. Palimšių k., Žydeikiškių k. rytinė dalis, Pavuolio k., Avinėlių k., Girgždų k., Nemaitonių sen. Medinų k., Žirgaičių k., Palomenės sen. Miežonių k., Rumšiškių sen. Mažųjų k., Juodiškių k., Grėbliaučiškių k., Antakalnio k., Būblių k., Pavuolio k., Žiežmarių apylinkės sen. Žiežmarių vs., Sutartiškių k., Kertauninkų k., Būdiškių k., Buivydonių k., Pažardžio k., Kairiškių k., Eigeniškių k., Radutiškių k., Pakertiškių k., Pakertų k., Pridotkų k., Strėvininkų Babilių k., Gajaučiznos k., Bulotų k., Matelskų k., Kairiškėlių k., Juknonių k., Karveliškių k., Dalinonių k., Verdinių k., Dauginavos k., Kaišiadorėlių k., Eglinkos k., Krasnasėlio k., Girelės k., Kiemelių k., Juknonių Babilių k., Klenaukos k., Kulukiškių k., Bundiškių k., Palimšio k., Padūmio k., Titnagų k., Stoniavos k., Dainių k., Kaukinės k., Naujosios Slabados k., Burbiškių k., Kudonių k., Zaslonės k., Skudenių k., Gerų Vakarų k., Medinių Strėvininkų k., Avilių k., Kibučių k., Paltininkų k., Vladikiškių k., Rečionių k., Kasilionių k., Žiežmarių k., Mažųjų Vladikiškių k., Aleksiejūniškių k., Šarkiškių k., Užubalio vs., Kriaučiškių k., Balceriškių k., Piktakiemio k., Elektrėnų sav.: Elektrėnų sen., Gilučių sen. Gilučių k., Naujųjų Migūčionių k., Talpūnų k., Koncepto k., Lubakos k., Diekcioriškių k., Kalninių Mijaugonių k., Kietaviškių sen. Ašakienių k., Jagėlonių k., Šilonių k., Gojaus k., Kareivonių k., Kloninių Mijaugonių k., Obenių k., Šuolių k., Krokšlių k., Naujųjų Kietaviškių k., Gilūšio k., Žikaronių k., Būdos k., Senųjų Kietaviškių k., Lingių k., Kloninių Jagėlonių k., Dainiškių k.;	27.6.2025
	Kaišiadorių r. sav. Žiežmarių sen. Tarpumiškio k,. Stasiūnų k., Liutonių k., Bačkonių k., Triliškių k., Turloviškių k., Strošiūnų k., Mūro Strėvininkų k., Žiežmarių m., Dirgalonių k., Žalvarnių k., Martiniškių k., Graužų k., Elektrėnų sav. Gilučių sen. Strošiūnų k.	18.6.2025 – 27.6.2025

Ballstát: An Pholainn

Uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéar arb é atá ann:	An dáta a bheidh sé infheidhme go dtí, i gcomhréir le hAirteagal 55 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687
PL-HPAI(NON-P)-2025-00058	W województwie warmińsko-mazurskim: 1. powiat elbląski: a. gmina Elbląg, miejscowości: Czechowo, Nowina, Sierpin, Przezmark, Komorowo Żuławskie, Pilona, Myślęcin, Jezioro Drużno, Władysławowo, Adamowo, Kazimierzowo, Janowo, w granicach administracyjnych miejscowości Kępa Rybacka na południe od linii poprowadzonej przez miejscowości Stobna i Jagodnik, w granicach administracyjnych miejscowości Nowakowo na południe od linii poprowadzonej przez miejscowości Stobna i Jagodnik, w granicach administracyjnych miejscowości Bogaczewo na zachód od linii poprowadzonej przez miejscowości Pomorska Wieś i Rychliki, w granicach administracyjnych miejscowości Pasieki na zachód od linii poprowadzonej przez miejscowości Pomorska Wieś i Rychliki, w granicach administracyjnych miejscowości Weklice na zachód od linii poprowadzonej przez miejscowości Pomorska Wieś i Rychliki, w granicach administracyjnych miejscowości Gronowo Górne na północ od torów kolejowych, w granicach administracyjnych miejscowości Węzina na zachód od linii poprowadzonej przez miejscowości Pomorska Wieś i Rychliki, Dłużyna; b. gmina Gronowo Elbląskie, miejscowości: Szopy, Jegłownik, Nogat, Wikrowo, Kopanka Druga, Kopanka Pierwsza, Mojkowo, Błotnica, Jasionno, Gronowo Elbląskie, Różany, Oleśno, Rozgart, w granicach administracyjnych miejscowości Fiszewo na wschód od linii poprowadzonej przez miejscowości Błotnica i Stalewo, w granicach administracyjnych miejscowości Gajewiec na zachód od linii poprowadzonej przez miejscowości Wikrowo i Balewo, w granicach administracyjnych miejscowości Karczowiska Górne na zachód od linii poprowadzonej przez miejscowości Władysławowo i Jasionno; c. gmina Markusy, miejscowości: Jurandowo, Żółwiniec, Krzewsk, Balewo, Markusy, Zwierzeńskie Pole, Dzierzgonka, Wiśniewo, Rachowo, Zwierzno, w granicach administracyjnych miejscowości Jezioro na południe od linii poprowadzonej przez miejscowości Dłużyna i Jasionno, w granicach administracyjnych miejscowości Węgle Żukowo na południe od linii poprowadzonej przez miejscowości Nowina i Zwierzeńskie Pole, w granicach administracyjnych miejscowości Stankowo na północ od linii poprowadzonej przez miejscowości Jasna i Nowe Kusy, w granicach administracyjnych miejscowości Nowe Dolno na północ od linii poprowadzonej przez miejscowości Jasna i Nowe Kusy, w granicach administracyjnych miejscowości Kępniewo na północ od linii poprowadzonej przez miejscowości Stalewo i Stankowo, w granicach administracyjnych miejscowości Złotnica na północ od linii poprowadzonej przez miejscowości Fiszewo i Kępniewo;	6.7.2025

Uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéar arb é atá ann:	An dáta a bheidh sé infheidhme go dtí, i gcomhréir le hAirteagal 55 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687
	d. gmina Milejewo, miejscowości Wilkowo, w granicach administracyjnych miejscowości Kamiennik Wielki na zachód od linii poprowadzonej przez miejscowości Jagodnik i Wilkowo; e. Miasto Elbląg na północ od linii poprowadzonej przez miejscowości Nowina i Janowo oraz na południe od linii poprowadzonej przez miejscowości Zastawno i Nowakowo.	
	W województwie warmińsko-mazurskim: 1. powiat elbląski: a. gmina Elbląg, miejscowości: Tropy Elbląskie, Nowe Pole, Raczki Elbląskie, w granicach administracyjnych miejscowości Gronowo Górne na południe od torów kolejowych; b. gmina Gronowo Elbląskie: w granicach administracyjnych miejscowości Gajewiec, na wschód od linii poprowadzonej przez miejscowości Wikrowo i Balewo, w granicach administracyjnych miejscowości Karczowiska Górne na wschód od linii poprowadzonej przez miejscowości Władysławowo i Jasionno; c. gmina Markusy: w granicach administracyjnych miejscowości Jezioro na północ od linii poprowadzonej przez miejscowości Dłużyna i Jasionno, w granicach administracyjnych miejscowości Węgle Żukowo na północ od linii poprowadzonej przez miejscowości Nowina i Zwierzeńskie Pole, Żurawiec; d. w mieście Elbląg na południe od linii poprowadzonej przez miejscowości Nowina i Janowo	28.6.2025 – 6.7.2025

Cuid C

Criosanna srianta breise sna Ballstáit lena mbaineann* dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe (b), agus Airteagal 4:

Ballstát: Ní bhaineann le hábhar

Limistéar arb é atá ann:	An dáta a mbeidh na bearta infheidhme go dtí é, i gcomhréir le hAirteagal 4

* I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) de Chreat Windsor (féach Dearbhú Comhpháirteach Uimh. 1/2023 ón Aontas agus ón Ríocht Aontaithe sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach an 24 Márta 2023, IO L 102, 17.4.2023, lch. 87) i gcomhar le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an gCreat sin, chun críocha na hIarscríbhinne seo, baineann tagairtí don Bhallstát leis an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann.